**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile*

**2022/0117(COD)**

24.5.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ('Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí')
(COM(2022)0177 – C9-0161/2022 – 2022/0117(COD))

Rapóirtéir don tuairim (*): Ramona Strugariu

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Ní fadhb nua do AE iad imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí (SLAPPanna). Tá méadú leanúnach tagtha ar chásanna dlí den sórt sin san Eoraip, mar atá doiciméadaithe ag roinnt eagraíochtaí neamhspleácha a dhéanann monatóireacht ar an bhfeiniméan. Rinneadh níos mó taighde agus cuireadh le feasacht ar an ábhar i ndiaidh feallmharú an iriseora iniúchaigh ó Mhálta, Daphne Caruana Galizia, i mí Dheireadh Fómhair 2017. Nuair a fuair sí bás, bhí 48 cás dlí ag Daphne Caruana Galizia ina coinne. Lean na himeachtaí maslacha sin fiú tar éis a báis, nuair a cuireadh ar aghaidh chuig a teaghlach iad, rud a chuir ualach ollmhór airgeadais agus síceolaíochta orthu.

Tá taighde a rinne an Chomhghuaillíocht i gcoinne SLAPPanna san Eoraip (CASE) tar éis aird a tharraingt ar an méadú leanúnach ar líon na SLAPPanna ó 2016 i leith, le figiúirí ag méadú os cionn 400 % in 2021. Leagtar béim i dtaighde CASE ar scála na faidhbe a léiríonn gur shainaithin siad beagnach 1000 cás dlí gníomhach in aghaidh na meán sa Chróit amháin, faoi mhí Aibreáin 2021. Cuireadh i láthair sa taighde samplaí éagsúla ó Bhallstáit éagsúla amhail an Pholainn, an Fhrainc, an Iodáil, Málta nó an tSlóivéin, rud a léiríonn gné Eorpach na saincheiste agus an gá atá le réiteach comhchoiteann Eorpach.

Féadfaidh SLAPPanna a bheith ina n-éilimh go hiomlán nó go páirteach gan bhunús. Mar sin féin, is iad an dá phointe choiteanna lena n-ainmnítear SLAPPanna mí-úsáid an phróisis bhreithiúnaigh agus a n-úsáid i ndáil le rannpháirtíocht phoiblí. Dá bhrí sin, tugtar SLAPPanna chun críocha seachas ceart a dhearbhú, a shuíomh nó a fheidhmiú i ndáiríre agus is é is aidhm leo rannpháirtíocht phoiblí a chosc, a shrianadh nó a phionósú. Trí mhí-úsáid a bhaint as an gcóras breithiúnach, ní hamháin go ndéanann SLAPPanna damáiste suntasach airgeadais agus síceolaíochta dá n-íospartaigh, ach cuireann siad srian freisin ar rochtain ar cheartas do shaoránaigh eile, trí ró-ualach a chur ar an gcóras breithiúnach. Is minic a bhíonn éagothroime cumhachta i gceist leis na héilimh sin, ach ní i gcónaí. Is léiriú eile ar chineál éagórach SLAPPanna iad imeachtaí iolracha a bheith ann, cineál díréireach an éilimh, chomh maith le bearta claiteacha nó cráiteacha a úsáid. Is é an cur chuige a roghnaíodh sainmhíniú soiléir a chruthú lena n-áirítear éilimh ar follasach go bhfuil siad gan bhunús chomh maith le héilimh a bhfuil roinnt tuillteanais dhlíthiúla acu, ach a bhfuil na saintréithe thuasluaite i gceist leo agus a mbíonn mí-úsáid ceart mar thoradh orthu.

Clúdaíonn íospartaigh SLAPPanna réimse leathan ábhar. D'fhéadfadh daoine nádúrtha nó dlítheanacha araon a bheith ina n-íospartaigh, idir iriseoirí agus eagraíochtaí meán, go gníomhaithe, eagarthóirí, cosantóirí chearta an duine agus fiú daoine aonair príobháideacha. Is é an pointe coiteann de na catagóirí sin an rannpháirtíocht atá acu i rannpháirtíocht phoiblí. Is féidir SLAPPanna a úsáid go díreach nó go hindíreach i gcoinne aon duine atá rannpháirteach sa rannpháirtíocht phoiblí agus féadfaidh siad díriú freisin ar ábhair a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí ullmhúcháin nó tacaíochta di. Ní mór leis an Treoir sin an chosaint iomchuí a chur ar fáil do gach catagóir den sórt sin.

Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist ar bhealach éifeachtúil agus cuimsitheach, ní mór an sainmhíniú ar rannpháirtíocht phoiblí a leathnú freisin, ionas go n-áireofar gníomhaíochtaí a dhéantar i bhfeidhmiú cearta éagsúla, seachas an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil. Léirigh cásanna praiticiúla gur cheart liosta neamh-uileghabhálach a áireamh

sa sainmhíniú, lena gcumhdaítear, i measc nithe eile, na saoirsí comhlachais agus comhthionóil, chomh maith le saoirsí acadúla. I bhfianaise líon ard SLAPPanna i gcoinne iriseoirí agus oibrithe sna meáin, tá sé ríthábhachtach go gcumhdaítear iolrachas na meán agus saoirse na meán leis an sainmhíniú ar cad is ábhar a bhaineann le leas an phobail ann a bhaineann le rannpháirtíocht phoiblí.

Chun go mbeidh an éifeacht inmhianaithe ag an Treoir sin chun iad siúd atá ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí ó dhlíthíocht mhí-úsáideach a chosaint, ní mór roinnt coimircí nós imeachta a leagan amach ina forálacha, lena n-áirítear sásra éifeachtach luathdhíbhe, atá ar fáil ex officio nó ar chur i bhfeidhm an chosantóra. Ní fhéadfaidh inghlacthacht sásra luathdhíbhe a bheith faoi réir tairseach níos airde ná tairseach na gcoimircí nós imeachta eile. Níor cheart go ndéanfadh an Treoir idirdhealú idir catagóirí éagsúla SLAPPanna. Chun an méid sin a bhaint amach, déanfar an sásra a leathnú agus a chur ar fáil d’íospartaigh uile SLAPPanna. Is é an cur chuige atá beartaithe maidir le coimircí nós imeachta, agus maidir leis an sásra luathdhíbhe go háirithe, deireadh a chur le déscaradh an Choimisiúin idir cásanna atá go follasach gan bhunús agus cásanna mí-úsáideacha.

Chun críocha sásra éifeachtach luathdhíbhe, is ar an éilitheoir a bheidh an dualgas cruthúnais maidir le measúnú na cúirte ar an ábhar. Is é an cur chuige atá beartaithe a iarraidh ar an éilitheoir cás prima facie amháin a bhunú maidir le gach gné den chúis chaingne, i gcás ina bhfuil sé sásta nach bhfuil an t-éileamh mí-úsáideach. Déanann an tairseach sin cothromaíocht a aimsiú idir cearta an chosantóra, agus cearta rochtana ar an gceartas ar thaobh an éilitheora, ós rud é gur tréigeadh infhaighteacht tosaigh an tsásra luathdhíbhe i gcásanna ar follasach go bhfuil siad gan bhunús.

Is céad chéim den scoth é an togra ón gCoimisiún i dtreo deireadh a chur le dlíthíocht mhí-úsáideach i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí agus tagann sé chun cinn tráth a tharraing staidreamh aird ar an ngá atá le réiteach comhchoiteann Eorpach. Ní rachadh an togra i ngleic, áfach, ach le cuid bheag den fhadhb, ós rud é go bhfuil inniúlacht ar leibhéal an Aontais teoranta maidir le hábhair a bhaineann leis an dlí nós imeachta. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go nglacfaidh na Ballstáit bearta breise lena gcomhlánaítear na bearta a glacadh ar leibhéal an Aontais. Ar theacht i bhfeidhm don Treoir sin, níor cheart do na Ballstáit síneadh na bhforálacha sin a theorannú do chásanna trasteorann in ábhair a bhaineann leis an dlí sibhialta agus tráchtála amháin, ach níor cheart dóibh iad a leathnú freisin chuig cásanna intíre agus chuig cásanna a rialaítear leis an dlí coiriúil. Ag an am céanna, tar éis thréimhse an athbhreithnithe, ba cheart don Choimisiún a chur san áireamh freisin go bhféadfaí dul i ngleic le cásanna coiriúla SLAPPanna, trí na bearta dlíthiúla iomchuí.

Tá cur chun feidhme an mholta a ghabhann leis an togra reachtach sin ríthábhachtach freisin ar mhaithe lena éifeachtacht. I ndáil leis sin, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh freisin ar rialacha tiomnaithe a thabhairt isteach lena rialaítear cóid eiticeacha dlíodóirí agus cleachtóirí dlí eile, maidir le smachtbhannaí a chur ar rannpháirtíocht i SLAPPanna a thionscnamh nó iad a chur i mbréagriocht mar éilimh a bhfuil bunús leo.

Ar deireadh, mar chéim eile chun tosaigh, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Rialacháin Ia na Bruiséile agus II na Róimhe, chun aghaidh a thabhairt ar aon chásanna eile a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le tóraíocht fóram, nach gcumhdaítear leis an Treoir sin.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Togra le haghaidh | Togra le haghaidh |
| TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE | TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE |
| maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte ***atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach*** ('Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí') | maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte ***mí-úsáideacha*** ('Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí') |

**Leasú 2**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Lua 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,*** |

**Leasú 3**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Deirtear in Airteagal 10(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach go bhfuil an ceart ag gach saoránach a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais. Foráiltear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt'), inter alia, an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar | (2) Deirtear in Airteagal 10(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach go bhfuil an ceart ag gach saoránach a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais. Foráiltear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt'), inter alia, an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar |

| | |
|---|---|
| shaol an teaghlaigh (Airteagal 7), an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8), an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, lena n-áirítear meas ar shaoirse agus iolrachas na meán (Airteagal 11), agus an ceart chun ***leigheas éifeachtach*** agus ***triail chóir a fháil*** (Airteagal 47). | shaol an teaghlaigh (Airteagal 7), an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8), an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, lena n-áirítear meas ar shaoirse agus iolrachas na meán (Airteagal 11), ***an ceart chun saoirse comhthionóil*** agus ***comhlachais (Airteagal 12), saoirse na n-ealaíon agus na n-eolaíochtaí (Airteagal 13), agus*** an ceart chun ***leighis éifeachtaigh*** agus ***chun trialach córa*** (Airteagal 47). ***Ráthaítear go sainráite le hAirteagal 12 den Chairt an ceart atá ag gach duine ceardchumainn a chur ar bun agus an ceart chun bheith mar bhall de cheardchumainn chun a leasanna a chosaint, rud a dhéantar a chomhdhlúthú tuilleadh in Airteagal 28 den Chairt, lena ráthaítear an ceart chun cómhargála agus chun gníomhaíochta.*** |

**Leasú 4**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Leis an gceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, a leagtar amach in Airteagal 11 den Chairt, folaítear an ceart chun tuairimí a bheith ag an duine agus an ceart chun faisnéis agus barúlacha a fháil agus a thabhairt gan cur isteach ó údarás poiblí agus gan beann ar theorainneacha. Ba cheart míniú agus raon feidhme Airteagal 10 comhfhreagrach den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ("ECHR") maidir leis an gceart chun tuairimí a nochtadh mar atá léirithe ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine ("ECtHR") a thabhairt d'Airteagal 11 den Chairt. | (3) Leis an gceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, a leagtar amach in Airteagal 11 den Chairt, folaítear an ceart chun tuairimí a bheith ag an duine agus an ceart chun faisnéis agus barúlacha a fháil agus a thabhairt gan cur isteach ó údarás poiblí agus gan beann ar theorainneacha. Ba cheart míniú agus raon feidhme Airteagal 10 comhfhreagrach den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ("ECHR") maidir leis an gceart chun tuairimí a nochtadh mar atá léirithe ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine ("ECtHR") a thabhairt d'Airteagal 11 den Chairt. ***Measann an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine go i gcónaí go bhfuil an ceart chun tuairimí a nochtadh ar cheann de na bunchlocha riachtanacha de shochaí dhaonlathach agus foráiltear sa Chairt agus in ECHR araon do cheart an-leathan chun an duine féin a chur in*** |

***iúl faoi shaoirse.***

**Leasú 5**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) Mar a aithnítear le dlí-eolaíocht chomhsheasmhach na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR) i ndáil leis an léirmhíniú ar fhorálacha ábhartha an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine (ECHR), ar dá réir sin a léirmhíneofar agus a chuirfear i bhfeidhm an Chairt de bhun Airteagal 52(3), tá dlúthnasc idir an ceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil le cearta agus saoirsí eile a fheidhmiú, lena n-áirítear an ceart chun saoirse comhthionóil agus comhlachais agus saoirse na n-ealaíon agus na n-eolaíochtaí, lena n-áirítear saoirse acadúil. Leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) forchuirtear freisin oibleagáid dhearfach ar stáit chonarthacha saoirse agus iolrachas na meán a chosaint agus timpeallacht fhabhrach a chruthú do rannpháirtíocht sa díospóireacht phoiblí.*** |

**Leasú 6**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3b) Is ceart bunúsach é an ceart chun tuairimí a nochtadh atá le feidhmiú faoi chuimsiú phrionsabal 'chothromú na gceart', mar a fhorordaítear le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus i gcomhréir le hAirteagal 54 den Chairt.*** |

**Leasú 7**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Cuspóir na Treorach seo ná ***cosaint*** a sholáthar ***do dhaoine*** nádúrtha ***agus do dhaoine*** dlítheanacha a bhíonn rannpháirteach go poiblí i ndáil le hábhair leasa phoiblí, iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine ***go háirithe, ar*** imeachtaí cúirte, a thionscnaítear ina n-aghaidh chun ***stop a chur lena*** rannpháirtíocht phoiblí (***ar a dtugtar*** imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí nó 'SLAPPanna' ***freisin***). | (4) Cuspóir na Treorach seo ná ***rialacha íosta*** a sholáthar ***ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go gcosnófar daoine*** nádúrtha ***nó*** dlítheanacha a bhíonn rannpháirteach go poiblí i ndáil le hábhair leasa phoiblí, ***go háirithe*** iriseoirí***, eagraíochtaí meán/eagraíochtaí, foilsitheoirí*** agus cosantóirí chearta an duine***, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ceardchumainn, chomh maith le taighdeoirí, acadóirí nó ealaíontóirí, cosantóirí chearta an duine, cosantóirí chearta an chomhshaoil, cosantóirí chearta na mban, cosantóirí chearta LADTIA+, gníomhaithe, ceardchumainn, blagálaithe, sceithirí nó freasúra polaitiúil i gcoinne*** imeachtaí cúirte, a thionscnaítear ina n-aghaidh chun ***iad a dhíspreagadh ó*** rannpháirtíocht phoiblí (***dá ngairtear go coitianta*** imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí nó 'SLAPPanna'). |

**Leasú 8**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Tá ról tábhachtach ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha a ghlacann páirt i rannpháirtíocht phoiblí maidir le díospóireacht phoiblí, cearta bunúsacha agus luachanna daonlathacha, cuimsiú sóisialta, cosaint an chomhshaoil agus an smacht reachta a bhuanú, chomh maith le daonlathas, comhionannas inscne, saoirse agus iolrachas na meán san Aontas a neartú.*** |

**Leasú 9**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Tá ról tábhachtach ag iriseoirí in éascaíocht na díospóireachta poiblí agus i roinnt agus i bhfáil faisnéise, tuairimí agus smaointe. Tá sé fíor-riachtanach go dtugtar an tsaoirse is gá ***dóibh*** chun cur le díospóireacht oscailte shaor chothrom agus chun cur in aghaidh bréagaisnéise, ionramhála faisnéise agus cur isteach ar fhaisnéis. Ba cheart go mbeadh iriseoirí in ann a ngníomhaíochtaí a dhéanamh go héifeachtach chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag saoránaigh ar dhearcthaí iomadúla i ndaonlathais Eorpacha. | (5) Tá ról tábhachtach ag iriseoirí in éascaíocht na díospóireachta poiblí agus i roinnt agus i bhfáil faisnéise, tuairimí agus smaointe. ***Príomhcholúin an daonlathais atá san iriseoireacht neamhspleách, neamhchlaonta, ghairmiúil agus fhreagrach mar aon leis an rochtain ar fhaisnéis iolraíoch;*** Tá sé fíor-riachtanach go dtugtar an tsaoirse is gá ***d'iriseoirí*** chun cur le díospóireacht oscailte***,*** shaor ***agus*** chothrom agus chun ***tuairisciú go neamhspleách ar aon bhrú, ar nithe iad uile atá fíor-riachtanach chun*** cur in aghaidh bréagaisnéise, ionramhála faisnéise agus cur isteach ar fhaisnéis. Ba cheart go mbeadh iriseoirí in ann a ngníomhaíochtaí a dhéanamh go héifeachtach ***agus gan eagla*** chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag saoránaigh ar dhearcthaí iomadúla i ndaonlathais Eorpacha. ***Mar sin féin, bíonn ar iriseoirí aghaidh a thabhairt ar thimpeallacht atá ag éirí níos deacra maidir lena ngairm a chleachtadh, ina bhfuil SLAPPanna, mar aon le brú tráchtála agus polaitiúil, ualaí troma oibre, éiginnteacht gairme nó féinchinsireacht ina mbagairt shuntasach ar rochtain an phobail ar fhaisnéis.*** |

**Leasú 10**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) ***Imríonn*** iriseoirí iniúchacha***,*** go háirithe, ***ról fíorthábhachtach chun*** coireacht eagraithe, éilliú agus antoisceachas a ***chomhrac***. Gabhann rioscaí thar a bheith ard lena gcuid oibre agus tá an líon ionsuithe agus ***an ciapadh*** a dhéantar orthu ag méadú. ***Is*** gá córas | (6) ***Tá ról lárnach ag*** iriseoirí iniúchacha ***agus ag eagraíochtaí na meán*** go háirithe ***maidir le***, ***inter alia,*** coireacht eagraithe, ***mí-úsáid cumhachta,*** éilliú***, míchleachtas, fíniochas, cásanna de dhoirse imrothlacha, sáruithe ar chearta bunúsacha*** agus antoisceachas |

| | |
|---|---|
| stóinseach coimircí a ***bheith ann a chuirfidh*** ar a ***gcumas dóibh*** a ról ríthábhachtach ***a chomhlíonadh*** mar fhorais faire ar ábhair leasa phoiblí ***dhlisteanaigh***. | ***foréigneach*** a ***nochtadh***. Gabhann rioscaí thar a bheith ard lena gcuid oibre agus tá an líon ionsuithe***, maruithe, bagairtí, imeaglaithe*** agus ***ciaptha*** a dhéantar orthu ag méadú. ***Tá*** gá ***le*** córas stóinseach coimircí ***agus cosanta, lena n-áirítear*** a ***sábháilteacht fhisiciúil agus a saol a chosaint agus imscrúdú a dhéanamh*** ar ***fheallmharuithe ina gcoinne, chun*** a ***chur ar chumas iriseoirí iniúchacha*** a ról ríthábhachtach mar fhorais faire ar ábhair leasa phoiblí ***a chomhlíonadh, gan eagla a bheith orthu go ngearrfaí pionós orthu as faisnéis a chuardach agus a sheachadadh don phobal***. |

**Leasú 11**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) ***Imríonn*** cosantóirí chearta an duine ***ról tábhachtach*** i ndaonlathais ***Eorpacha freisin***, go háirithe ***chun*** cearta bunúsacha, luachanna daonlathacha, cuimsiú sóisialta, cosaint an chomhshaoil agus an smacht reachta a ***bhuanú***. Ba cheart go mbeidh siad in ann a bheith rannpháirteach go gníomhach sa saol poiblí agus a nguth a bheith le cloisteáil maidir le hábhair bheartais agus i bpróisis chinnteoireachta gan bagairtí imeaglaithe. Is éard atá i gcosantóirí chearta an duine daoine aonair nó eagraíochtaí a chosnaíonn cearta bunúsacha agus réimse cearta eile, amhail cearta comhshaoil agus aeráide, cearta na mban, cearta LADTIA, cearta na ndaoine ag a bhfuil cúlra mionlach cine nó eitneach, cearta saothair nó ***saoirse reiligiúin***. Ba cheart do rannpháirtithe eile sa díospóireacht phoiblí, amhail acadóirí agus ***taighdeoirí***, an chosaint leormhaith seo a fháil freisin. | (7) ***Tá ról tábhachtach ag*** cosantóirí chearta an duine ***freisin*** i ndaonlathais ***na hEorpa***, go háirithe ***maidir le*** cearta bunúsacha, luachanna daonlathacha, cuimsiú sóisialta, cosaint an chomhshaoil***, an comhionannas inscne*** agus an smacht reachta a ***chaomhnú***. Ba cheart go mbeidh siad in ann a bheith rannpháirteach go gníomhach sa saol poiblí***, cuntasacht a áirithiú*** agus a nguth a bheith le cloisteáil maidir le hábhair bheartais agus i bpróisis chinnteoireachta gan bagairtí imeaglaithe. Is éard atá i gcosantóirí chearta an duine daoine aonair***, grúpaí,*** nó eagraíochtaí a chosnaíonn cearta bunúsacha agus réimse cearta eile, amhail cearta ***sibhialta, cearta polaitiúla, cearta eacnamaíocha, cearta sóisialta, cearta cultúrtha, cearta*** comhshaoil agus aeráide, cearta na mban, cearta LADTIA, cearta na ndaoine ag a bhfuil cúlra mionlach cine nó eitneach, cearta saothair***, cearta ceardchumann*** nó ***saoirsí reiligiúnacha***. Ba cheart do rannpháirtithe eile sa díospóireacht phoiblí, amhail acadóirí***, taighdeoirí, ealaíontóirí, sceithirí*** agus ***freasúra polaitiúil***, ***chomh*** |

***maith le daoine aonair,*** an chosaint leormhaith seo a fháil freisin***, toisc go ndírítear orthu le SLAPPanna freisin***.

**Leasú 12**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Rannchuidíonn acadóirí agus taighdeoirí, a fheidhmíonn a gceart agus a n-oibleagáid iad féin a chur in iúl laistigh dá réimse saineolais, go bunúsach leis an dioscúrsa poiblí agus le scaipeadh eolais, agus áirithíonn siad gur féidir leis an díospóireacht dhaonlathach tarlú ar bhonn eolasach. Is sárú díreach ar shaoirse acadúil é ionstraimí dlíthiúla a úsáid chun críocha imeaglaithe lena ndéantar iarracht acadóirí agus taighdeoirí a chosc ó chumarsáid a dhéanamh maidir le hábhair a bhaineann lena ngníomhaíochtaí eolaíocha agus cuirtear ról ríthábhachtach na scoláirí i ngach réimse dá gcuid oibre i mbaol, lena n-áirítear an bhréagaisnéis agus an mhífhaisnéis a chomhrac.*** |

**Leasú 13**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7b) Tá ról lárnach ag cosantóirí comhshaoil freisin chun cearta bunúsacha a chosaint agus chun na cuspóirí comhshaoil atá leagtha síos ag an Aontas Eorpach a bhaint amach, agus níor cheart géarleanúint ná ciapadh a dhéanamh orthu ar bhealach ar bith mar gheall ar a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun cearta an duine, cearta comhshaoil agus cearta aeráide a chosaint. Le blianta beaga anuas, tá*** |

***méadú ag teacht i gcónaí ar líon na gcásanna de mharuithe, de bhagairtí, den chiapadh, den imeaglú, de fheachtais chlúmhillte, den choiriúlú agus den chiapadh breithiúnach.***

**Leasú 14**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7c) Tá ról lárnach ag cosantóirí chearta na mban agus LADTIA+ freisin maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn agus a chosaint chomh maith le tacaíocht agus cosaint a chur ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe. Tá méadú ag teacht ar ionsaí ar chearta na mban agus ar chosantóirí agus eagraíochtaí chearta LADTIA+ agus tá bagairtí os a gcomhair, lena n-áirítear bagairtí ar a saol, agus foréigean as a dtagann an fhéinchinsireacht. Thar na blianta, tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as SLAPPanna chun an dlúthpháirtíocht a choiriúlú, agus i gcoinne gníomhaithe a chosnaíonn cearta na mban, comhionannas inscne agus cearta LADTIA+, chun bac a chur ar dhul chun cinn maidir le comhionannas inscne a bhaint amach, chun an ról atá acu mar fhorais faire phoiblí a cheistiú níos minice agus chun cur leis an laghdú atá ag teacht ar an spás don tsochaí shibhialta san Aontas.*** |

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Chun an timpeallacht ***seo*** a chothú, tá sé tábhachtach iriseoirí agus cosantóirí | (9) Chun an timpeallacht ***sin*** a chothú, tá sé tábhachtach ***daoine nádúrtha nó*** |

| | |
|---|---|
| chearta an duine a chosaint ar imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí. Ní thionscnaítear na himeachtaí cúirte sin chun rochtain a fháil ar cheartas, ach chun díospóireacht phoiblí a mhúchadh ***trí chiapadh*** agus imeaglú ***a úsáid de ghnáth***. | ***dlítheanacha a ghlacann páirt i rannpháirtíocht phoiblí, go háirithe*** iriseoirí***, sceithirí, gníomhaithe, acadóirí, taighdeoirí, ealaíontóirí*** agus cosantóirí chearta an duine***, lena n-áirítear eagraíochtaí sochaí sibhialta agus ceardchumainn*** a chosaint ar imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí. Ní thionscnaítear na himeachtaí cúirte sin chun rochtain a fháil ar cheartas, ***chun ceart a dhearbhú, a shuíomh nó a fheidhmiú i ndáiríre,*** ach chun ***rannpháirtíocht phoiblí a chosc, a shrianadh nó pionós a ghearradh ina leith, ag iarraidh ar deireadh*** díospóireacht phoiblí a mhúchadh agus ***cosc a chur ar fhiosrú agus tuairisciú ar sháruithe ar dhlí an Aontais agus ar an dlí náisiúnta, ar éilliú nó ar chleachtais mhí-úsáideacha eile. Is minic a úsáidtear ciapadh agus*** imeaglú ***i gcleachtais den sórt sin***. |

**Leasú 16**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Is iondúil go dtionscnaíonn eintitis chumhachtacha SLAPPanna, mar shampla ***daoine aonair***, ***stocairí,*** corparáidí agus ***comhlachtaí stáit***. Is iondúil go mbíonn éagothroime chumhachta idir na páirtithe ina bhfuil an t-éilitheoir i staid airgeadais nó staid pholaitiúil níos cumhachtaí ná an cosantóir. ***Cé nach mbíonn an éagothroime chumhachta ina*** saintréith ***riachtanach*** de chásanna den sórt sin i ***gcónaí***, nuair a bhíonn ***an*** éagothroime ***sin*** ann méadaíonn sé na héifeachtaí díobhálacha chomh maith leis na ***héifeachtaí móra diúltacha*** a bhíonn ag imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí. | (10) Is iondúil go dtionscnaíonn ***daoine aonair nó*** eintitis chumhachtacha SLAPPanna, mar shampla ***grúpaí brústocaireachta***, corparáidí***, oifigigh phoiblí, eintitis*** agus ***údaráis faoi rialú poiblí, lena n-áirítear polaiteoirí agus údaráis bhreithiúnacha mar iarracht díospóireacht phoiblí a mhúchadh***. Is ***féidir agairt ar íospartaigh SLAPP as tuairimí criticiúla a chur in iúl maidir leis an iompraíocht nó as éagóiritheoireacht a cháineadh, agus is*** iondúil go mbíonn éagothroime chumhachta idir na páirtithe ina bhfuil an t-éilitheoir i staid airgeadais nó staid pholaitiúil níos cumhachtaí ná an cosantóir. ***Is*** saintréith ***shuntasach*** de chásanna den sórt sin ***í éagothroime chumhachta agus a tharlaíonn arís agus arís eile, ach d'fhéadfadh sí a bheith in*** |

| | |
|---|---|
| | ***easnamh*** i ***gcásanna áirithe a chomhlíonann critéir SLAPP***, ***más ann do shaintréithe eile arb iad is príomhthréithe de SLAPP. I gcásanna nach bhfuil éagothroime cumhachta ann, ba cheart iad a léirmhíniú go cúramach, ionas nach ndéanfar líomhaintí SLAPP a dhíriú go cráiteach ar eagraíochtaí neamhrialtasacha, cosantóirí chearta an duine, gníomhaithe, iriseoirí agus daoine eile a théann chuig na cúirteanna de mheon macánta chun iad féin a chosaint i gcoinne barúlacha clúmhillteacha ó ghníomhaithe cumhachtacha.*** Nuair a bhíonn éagothroime ***chumhachta*** ann méadaíonn sé na héifeachtaí díobhálacha chomh maith leis na ***tionchair mhóra dhiúltacha*** a bhíonn ag imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí. |

**Leasú 17**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) D’fhéadfadh imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí drochthionchar a bheith aige ar chreidiúnacht agus ar cháil na ***n-iriseoirí*** agus ***chosantóirí chearta an duine, agus ídíonn siad*** a gcuid acmhainní airgeadais agus acmhainní eile. Mar gheall ar imeachtaí den sórt sin, d’fhéadfaí moill a chur le foilsiú faisnéise maidir le hábhar leasa phoiblí nó d’fhéadfaí é a sheachaint go hiomlán. D’***fhéadfaí go mbeadh*** tionchar mór ***diúltach*** ag fad na ***n-imeachtaí*** agus ag an mbrú airgeadais ar iriseoirí agus ***ar chosantóirí*** chearta an duine. Toisc gurb ann do chleachtais den sórt sin, d’fhéadfaí go mbeadh, dá bhrí sin, éifeacht dhíspreagtha aige seo ar a gcuid oibre agus iad ag déanamh féinchinsireacht ar a gcuid oibre ar eagla imeachtaí cúirte a d’fhéadfadh tarlú sa todhchaí, rud a fhágann go mbaintear den díospóireacht phoiblí, rud a dhéanann dochar don tsochaí | (11) D’fhéadfadh imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí drochthionchar a bheith aige ar chreidiúnacht agus ar cháil na ***ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha a ghlacann páirt i rannpháirtíocht phoiblí*** agus a gcuid acmhainní airgeadais agus acmhainní eile ***a ídiú, chomh maith le díobháil shíceolaíoch a dhéanamh dóibh***. Mar gheall ar imeachtaí den sórt sin, d’fhéadfaí moill a chur le foilsiú faisnéise maidir le hábhar leasa phoiblí nó d’fhéadfaí é a sheachaint go hiomlán. D’***fhéadfadh*** tionchar mór ***a bheith*** ag fad na ***nósanna imeachta*** agus ag an mbrú airgeadais ar iriseoirí***, sceithirí, gníomhaithe, acadóirí, taighdeoirí, ealaíontóirí*** agus ***cosantóirí*** chearta an duine***, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ceardchumainn a ghlacann páirt i rannpháirtíocht phoiblí***. Toisc gurb ann do chleachtais den sórt sin, |

| | |
|---|---|
| ar fad. | d’fhéadfaí go mbeadh, dá bhrí sin, éifeacht dhíspreagtha aige seo ar a gcuid oibre agus iad ag déanamh féinchinsireacht ar a gcuid oibre ar eagla imeachtaí cúirte a d’fhéadfadh tarlú sa todhchaí, rud a fhágann go mbaintear den díospóireacht phoiblí, rud a dhéanann dochar don tsochaí ar fad. |

**Leasú 18**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) D’fhéadfaí go mbeadh cásanna iomadúla comhuaineacha os a gcomhair siúd a thugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh mar gheall ar rannpháirtíocht phoiblí, agus tionscnaítear na himeachtaí seo i ndlínsí iomadúla uaireanta. Is iondúil go mbíonn imeachtaí a thionscnaítear i ndlínse Ballstáit in aghaidh duine a chónaíonn i mBallstát níos casta agus níos costasaí don chosantóir. Chomh maith leis sin, d’fhéadfadh éilitheoirí in imeachtaí i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí úsáid a bhaint as uirlisí nós imeachta chun fad agus costas na dlíthíochta a ardú, agus cásanna a ardú i ndlínse a meastar a bheidh fabhrach dá gcás, in ionad sa chúirt is fearr chun an t-éileamh a ardú. Cuireann cleachtais den sórt sin ualach neamhriachtanach díobhálach ar ***córais*** náisiúnta cúirte. | (12) D’fhéadfaí go mbeadh cásanna iomadúla comhuaineacha os a gcomhair siúd a thugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh mar gheall ar rannpháirtíocht phoiblí, ***ar féidir gur cásanna sibhialta, riaracháin nó coiriúla iad nó nó meascán dóibh,*** agus tionscnaítear na himeachtaí seo i ndlínsí iomadúla uaireanta. ***Tuairiscítear gur cásanna coiriúla agus cásanna intíre iad formhór na gcásanna d’imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí.*** Is iondúil go mbíonn imeachtaí a thionscnaítear i ndlínse Ballstáit in aghaidh duine a chónaíonn i mBallstát níos casta agus níos costasaí don chosantóir. Chomh maith leis sin, d’fhéadfadh éilitheoirí in imeachtaí i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí úsáid a bhaint as uirlisí nós imeachta chun fad agus costas na dlíthíochta a ardú, agus cásanna a ardú i ndlínse a meastar a bheidh fabhrach dá gcás, in ionad sa chúirt is fearr chun an t-éileamh a ardú. ***Is uirlisí cumhachtacha iad fad na nósanna imeachta, an brú airgeadais agus bagairt na smachtbhannaí, go háirithe smachtbhannaí coiriúla chun guthanna criticiúla a imeaglú agus a chur ina dtost.*** Cuireann cleachtais den sórt sin ualach neamhriachtanach díobhálach ar ***chórais*** náisiúnta cúirte ***agus baintear mí-úsáid as a n-acmhainní mar thoradh orthu***. |

**Leasú 19**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart don choimirce dá bhforáiltear sa Treoir seo feidhm bheith aige maidir le haon duine nádúrtha nó duine dlítheanach agus a gcuid rannpháirteachais sa rannpháirtíocht phoiblí. Ba cheart dóibh freisin cosaint a thabhairt do dhaoine nádúrtha nó do dhaoine dlítheanacha a thacaíonn le hearraí nó seirbhísí a thabhairt do duine eile chun críocha atá nasctha go díreach le rannpháirtíocht phoiblí maidir le hábhar leasa phoiblí, ar bhonn gairmiúil nó ar bhonn pearsanta, a chuidíonn leis na hearraí nó seirbhísí a thabhairt nó a sholáthraíonn na hearraí nó na seirbhísí sin. Cuimsítear leis sin mar shampla soláthraithe idirlín, tithe foilsitheoireachta nó siopaí priontála, a dtugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh, nó a mbagraítear a leithéid orthu, mar gheall gur sholáthair siad seirbhísí don duine a dtugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh. | (13) Ba cheart don choimirce dá bhforáiltear sa Treoir seo feidhm bheith aige maidir le haon duine nádúrtha nó duine dlítheanach agus a gcuid rannpháirteachais ***dhíreach nó indíreach*** sa rannpháirtíocht phoiblí. Ba cheart dóibh freisin cosaint a thabhairt do dhaoine nádúrtha nó do dhaoine dlítheanacha a thacaíonn le hearraí nó seirbhísí a thabhairt do duine eile chun críocha atá nasctha go díreach le rannpháirtíocht phoiblí maidir le hábhar leasa phoiblí, ar bhonn gairmiúil nó ar bhonn pearsanta, a chuidíonn leis na hearraí nó seirbhísí a thabhairt nó a sholáthraíonn na hearraí nó na seirbhísí sin. Cuimsítear leis sin mar shampla ***baill teaghlaigh, eagraíochtaí meán,*** soláthraithe idirlín, tithe foilsitheoireachta nó siopaí priontála, a dtugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh, nó a mbagraítear a leithéid orthu, mar gheall gur ***thug siad cúnamh,*** sholáthair siad ***tacaíocht nó*** seirbhísí don duine a dtugtar imeachtaí cúirte ina n-aghaidh. |

**Leasú 20**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) Tá sé sé mar aidhm ag an Treoir seo freisin mí-úsáid nósanna imeachta réamhthrialacha a dhíspreagadh, amhail litreacha rabhaidh agus dearbhuithe stad agus staonadh a úsáidtear chun daoine nádúrtha agus dlítheanacha a bhíonn ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí a chur ina dtost. Trí na huirlisí a thabhairt do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***bhíonn ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí chun éilimh mhí-úsáideacha sa chúirt a chomhrac go héifeachtach, cuidíonn an Treoir freisin le cosc a chur ar chleachtais imeaglaithe den sórt sin.*** |

**Leasú 21**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ba cheart go mbeadh feidhm ag an Treoir seo maidir le haon chineál ***éileamh dlíthiúil nó gníomh dlíthiúil ar bhonn*** sibhialta nó tráchtála ag a ***bhfuil*** impleachtaí trasteorann ***ag brath*** ar chineál na cúirte nó an bhinse. Áirítear leis ***sin*** éilimh shibhialta a ***dhéantar*** in imeachtaí coiriúla. Áirítear leis sin freisin bearta idirlinne agus cosanta, frithéilimh nó cineálacha ar leith leigheasanna eile atá le fáil faoi ionstraimí eile. | (14) Ba cheart go mbeadh feidhm ag an Treoir seo maidir le haon chineál ***éilimh dhlíthiúil nó gnímh dhlíthiúil de chineál*** sibhialta nó tráchtála ag a ***mbeidh*** impleachtaí trasteorann***, lena n-áirítear éilimh atá*** ar ***feitheamh os comhair cúirt náisiúnta, tráth a teacht i bhfeidhm, gan beann ar*** chineál na cúirte nó an bhinse. ***Is éard atá i gceist le himeachtaí cúirte faoin Treoir seo gach imeacht os comhair cúirte nó binse in ábhair shibhialta, lena n-áirítear éilimh i nósanna imeachta brostaithe, amhail urghairí.*** Áirítear leis ***freisin*** éilimh shibhialta a ***thugtar*** in imeachtaí coiriúla***, toisc gur éilimh shibhialta iad go bunúsach, seachas éilimh choiriúla***. Áirítear leis sin freisin bearta idirlinne agus cosanta, frithéilimh nó cineálacha ar leith leigheasanna eile atá le fáil faoi ionstraimí eile. |

**Leasú 22**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ba cheart go ***gcumhdódh*** rannpháirtíocht phoiblí aon ráiteas nó ***gníomhaíocht ag*** duine nádúrtha nó duine dlítheanach a thugtar nó a dhéantar i bhfeidhmiú an ***chirt*** chun ***saoirse*** tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil maidir le hábhar leasa ***phoiblí***, amhail cumarsáid, | (16) Ba cheart go ***gciallódh*** rannpháirtíocht phoiblí aon ráiteas nó ***aon ghníomhaíocht a dhéanann*** duine nádúrtha nó duine dlítheanach a thugtar nó a dhéantar i bhfeidhmiú ***ceart agus saoirsí bunúsacha agus cheart agus saoirsí*** an ***duine amhail an ceart*** chun tuairimí a |

| | |
|---|---|
| foilseacháin nó oibreacha iriseoireachta, polaitíochta, eolaíochta, acadúla, ealaíon, tráchtaireachta nó aoracha a chruthú, a thaispeáint nó a fhógairt, agus ***gníomhaíocht*** ullmhúcháin atá ***nasctha go díreach leis sin***. D'fhéadfaí a áireamh ***leis sin*** freisin gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmiú an ***chirt*** chun saoirse comhlachais agus comhthionóil shíochánta, amhail gníomhaíochtaí brústocaireachta, léirsithe agus agóidí nó gníomhaíochtaí a ***thagann*** as feidhmiú an chirt chun dea-riaracháin agus an ***chirt*** chun leigheas éifeachtach a ***eagrú nó rannpháirt a ghlacadh iontu***, amhail ***comhdú gearán***, achainíocha, éilimh riaracháin agus bhreithiúnacha agus rannpháirtíocht in éisteachtaí poiblí. ***Ba cheart go n-áiritheofaí le rannpháirtíocht phoiblí gníomhaíochtaí ullmhúcháin, tacaíochta nó cúnta ag a bhfuil nasc díreach bunúsach leis an ráiteas nó leis an ngníomhaíocht i gceist agus a ndírítear orthu chun bac a chur le rannpháirtíocht phoiblí. Ina theannta sin, d'fhéadfaí go gcumhdófaí leis gníomhaíochtaí eile atá ceaptha bonn eolais a chur faoi thuairimí an phobail nó tionchar a imirt orthu nó gníomhaíocht ón bpobal, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ó aon eintiteas príobháideach nó poiblí a chur chun cinn i ndáil le saincheist leasa phoiblí, amhail taighde, suirbhéanna, feachtais nó aon chineál eile gníomhaíochta comhchoitinne a eagrú nó rannpháirt a ghlacadh iontu.*** | nochtadh agus faisnéis a fháil maidir le hábhar ***atá chun*** leasa ***an phobail***, amhail cumarsáid, foilseacháin nó oibreacha ***ábhar*** iriseoireachta, ***nuacht agus cúrsaí reatha,*** polaitíochta, eolaíochta, acadúla, ealaíon, tráchtaireachta nó aoracha a chruthú, a thaispeáint nó a fhógairt, ***nó a chur chun cinn ar bhealach eile,*** agus ***agus aon ghníomhaíochtaí*** ullmhúcháin ***a bhfuil baint dhíreach acu leo. Is éard*** atá ***i gceist le hábhar leasa phoiblí amach anseo go bhféadfadh sé nach ábhar leasa phoiblí go fóill é an t-ábhar, ach go bhféadfadh sé gurbh amhlaidh a bheadh amach anseo a luaithe a bheadh an pobal ar an eolas faoi, mar shampla trí fhoilseachán nó trí ghearán aonair***. D'fhéadfaí a áireamh ***le rannpháirtíocht phoiblí*** freisin gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmiú ***na saoirse acadúla agus ealaíne,*** an ***ceart*** chun saoirse comhlachais agus comhthionóil shíochánta, amhail gníomhaíochtaí brústocaireachta ***a eagrú nó páirt a ghlacadh iontu***, léirsithe agus agóidí nó gníomhaíochtaí a ***eascraíonn*** as feidhmiú an chirt chun dea-riaracháin agus an ***ceart*** chun leigheas éifeachtach a ***fháil***, amhail ***gearáin***, achainíocha, éilimh riaracháin agus bhreithiúnacha ***a chomhdú*** agus rannpháirtíocht in éisteachtaí poiblí. |

**Leasú 23**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16a) Ba cheart a áirithiú le rannpháirtíocht phoiblí gníomhaíochtaí ullmhúcháin, tacaíochta nó cúnta ag a bhfuil nasc díreach bunúsach leis an ráiteas nó leis an ngníomhaíocht i gceist. Ba cheart baint dhíreach a bheith ag*** |

***gníomhaíochtaí den sórt sin le gníomh sonrach rannpháirtíochta poiblí, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar nasc conarthach idir an duine atá i mbun rannpháirtíocht phoiblí agus an duine a sholáthraíonn an ghníomhaíocht ullmhúcháin, tacaíochta nó cúnaimh. Ina theannta sin, d'fhéadfaí go gcumhdófaí rannpháirtíocht phoiblí gníomhaíochtaí eile atá ceaptha bonn eolais a chur faoi thuairimí an phobail nó tionchar a imirt orthu nó gníomhaíocht ón bpobal, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ó aon eintiteas príobháideach nó poiblí a chur chun cinn i ndáil le saincheist leasa phoiblí, amhail taighde, suirbhéanna, feachtais nó aon chineál eile gníomhaíochta comhchoitinne a eagrú nó rannpháirt a ghlacadh iontu. Bealach éifeachtach chun deireadh a chur leis an rannpháirtíocht phoiblí is ea éilimh a thionscnamh, ní i gcoinne an duine a ghlacann páirt i rannpháirtíocht phoiblí, ach i gcoinne eagraíocht meán, amhail ardán idirlín a fhoilsíonn a saothar nó i gcoinne an chomhlachta a phriontálann téacs nó i gcoinne siopa a dhíolann an téacs, ós rud é nach féidir tuairimí a fhoilsiú gan na seirbhísí sin agus ar an gcaoi sin ní féidir na tuairimí sin tionchar a imirt ar an díospóireacht phoiblí.***

**Leasú 24**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Níor cheart do rannpháirtíocht phoiblí fógraíocht thráchtála ná gníomhaíocht mhargaíochta a chumhdach de ghnáth***, rudaí nach ndéantar de ghnáth chun an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a fheidhmiú***. | (17) Níor cheart do rannpháirtíocht phoiblí fógraíocht thráchtála ná gníomhaíocht mhargaíochta a chumhdach de ghnáth. |

**Leasú 25**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ba cheart go n-áiritheofaí le coincheap ábhar leasa phoiblí cáilíocht, sábháilteacht nó gnéithe ábhartha eile d'earraí, ***de tháirgí nó de sheirbhísí*** i gcás ina ***mbíonn ábhair den sórt*** sin ábhartha don tsláinte phoiblí, don tsábháilteacht, don chomhshaol, don aeráid nó ***d'fheidhmiú*** cearta ***bunúsacha***. Níor cheart díospóid iomlán aonair idir tomhaltóir agus monaróir nó soláthraí seirbhíse ***a bhaineann*** le hearra, táirge nó seirbhís a chumhdach ach amháin nuair a bhaineann gné de leas poiblí leis an ábhar, mar shampla táirge nó seirbhís nach gcomhlíonann caighdeáin chomhshaoil nó sábháilteachta. | (18) Ba cheart go n-áiritheofaí le coincheap ábhar leasa phoiblí cáilíocht, sábháilteacht nó gnéithe ábhartha eile d'earraí, ***táirgí nó seirbhísí, lena n-áirítear na coinníollacha faoina dtáirgtear agus faoina gcuirtear ar fáil iad,*** i gcás ina ***bhfuil na hábhair*** sin ábhartha don tsláinte phoiblí, don tsábháilteacht, don chomhshaol, don aeráid***, don smacht reachta*** nó ***do theachtadh na gceart bunúsach, lena n-áirítear*** cearta ***saothair, saoirse agus iolrachas na meán, neamh-idirdhealú, comhionannas inscne agus cosaint ar fhoréigean inscnebhunaithe***. Níor cheart díospóid iomlán aonair idir tomhaltóir agus monaróir nó soláthraí seirbhíse ***maidir*** le hearra, táirge nó seirbhís a chumhdach ach ***ach*** amháin nuair a bhaineann gné de leas poiblí leis an ábhar, mar shampla ***maidir le*** táirge nó seirbhís nach gcomhlíonann caighdeáin chomhshaoil nó sábháilteachta***, cearta saothair, cearta tomhaltóirí nó cearta an duine, lena n-áirítear prionsabal an neamh-idirdhealaithe***. |

**Leasú 26**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19a) Is ábhair leasa phoiblí iad líomhaintí maidir le héilliú, calaois, sciúradh airgid, claonchasadh, sracadh, comhéigean, gnéaschiapadh agus foréigean inscnebhunaithe nó cineálacha eile imeaglaithe agus coiriúlachta lena n-áirítear coireacht chomhshaoil. Gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE a chosaint, chun rochtain phoiblí ar*** |

***fhaisnéis a sholáthar nó a éascú d'fhonn an bhréagaisnéis a chomhrac, chomh maith le gníomhaíochtaí eolaíochta agus taighde, cáilíonn siad freisin mar ábhair leasa phoiblí.***

**Leasú 27**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Is iondúil go mbaineann teaictící dlíthíochta a úsáidtear le mí-ionracas in imeachtaí cúirte mí-úsáideacha amhail moill a chur ar imeachtaí, costais dhíréireacha a tharraingt ar an gcosantóir sna himeachtaí nó siopadóireacht dlínse. Úsáideann an t-éilitheoir na ***teaictící seo*** chun críocha eile ach ní chun ceartas a bhaint amach. Is iondúil go n-úsáidtear na teaictící seo i dteannta le cineálacha éagsúla eile imeaglaithe, ciaptha nó bagairtí, ach ní i gcónaí. | (20) Is ***é an príomhchuspóir atá le himeachtaí cúirte mí-úsáideacha rannpháirtíocht phoiblí a chosc, a shrianadh nó pionós a ghearradh ina leith nó is é is aidhm dóibh tionchar mór diúltach a imirt ar rannpháirtíocht phoiblí san ábhar atá i gceist; dá bhrí sin, is ionann iad agus mí-úsáid dlíthe substainteacha nó dlíthe nós imeachta. Luaitear i bprionsabail ghinearálta an dlí nach bhféadfar cearta a fheidhmiú ar bhealach mí-úsáideach mar a bhunaítear i.e. in Airteagal 54 den Chairt agus in Airteagal 17 ECHR. Tá an cineál mí-úsáideach imeachta cúirte le tuiscint ó iomláine imthosca an cháis dlí. Is*** iondúil go mbaineann teaictící dlíthíochta a úsáidtear le mí-ionracas in imeachtaí cúirte mí-úsáideacha amhail ***éilimh áibhéalacha nó iomarcacha, bearta díréireacha réamhshrianta a iarraidh,*** moill a chur ar imeachtaí, ***imeachtaí iomadúla a thionscnamh ar ábhair chomhchosúla,*** costais dhíréireacha a tharraingt ar an gcosantóir sna himeachtaí nó siopadóireacht dlínse. ***Ba cheart iompar an éilitheora san am a chuaigh thart go háirithe, aon stair imeaglaithe dhlíthiúil a chur san áireamh freisin agus cinneadh á dhéanamh an cásanna de chineál mí-úsáideach iad na cásanna dlí. Ba cheart gur táscaire prima facie le haghaidh mí-úsáide a bheadh in éileamh den chineál céanna roimhe sin a dhíbhe go luath agus a bheadh mí-úsáideach.*** Úsáideann an t-éilitheoir na ***bearta sin*** chun críocha eile |

ach ní chun ceartas a bhaint amach***, chun ceart a dhearbhú, a shuíomh nó a fheidhmiú i ndáiríre, as a n-eascraíonn mí-úsáid dlíthe substainteacha nó nós imeachta***. Is iondúil go n-úsáidtear na teaictící seo i dteannta le cineálacha éagsúla eile imeaglaithe, ciaptha nó bagairtí, ***amhail an bhagairt SLAPPanna a úsáid,*** ach ní i gcónaí. ***I gcás bhás an chosantóra, d'fhéadfaí leanúint de chásanna mí-úsáideacha den sórt sin i gcoinne a n-oidhrí.***

**Leasú 28**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 20 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20a) Saintréith eile de SLAPPanna a fheictear arís is arís eile is ea ceannasacht a shaothrú ó thaobh na cumhachta eacnamaíche, acmhainní dlíthiúla nó tionchar polaitiúil ag an éilitheoir chun rannpháirtíocht phoiblí an chosantóra a shrianadh. Bíonn éagothroime cumhachta mar thoradh air sin, rud is cúis imní ar leith má chistítear na cásanna dlí mí-úsáideacha go díreach nó go hindíreach ó bhuiséid an stáit agus má dhéantar iad a chomhcheangal le bearta stáit indíreacha agus díreacha eile i gcoinne eagraíochtaí neamhspleácha meán, iriseoireacht neamhspleách agus an tsochaí shibhialta. D'fhéadfadh éagothroime cumhachta den sórt sin a bheith in easnamh i gcásanna áirithe a chomhlíonann critéir SLAPPanna eile.*** |

**Leasú 29**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Ba cheart go mbeadh cosantóirí in | (23) Ba cheart go mbeadh cosantóirí in |

| | |
|---|---|
| ann iarratas a dhéanamh ar na coimircí nós imeachta a leanas: iarraidh ar urrús chun costais nós imeachta, nó costais nós imeachta agus damáistí a chumhdach, iarraidh ar dhíbhe luath imeachtaí cúirte ***a bhíonn go hiomlán gan bhunús***, iarraidh ar leigheasanna i leith imeachtaí cúirte mí-úsáideacha (bronnadh costas, cúiteamh damáistí agus pionós), nó gach ceann acu an tráth céanna. | ann iarratas a dhéanamh ar na coimircí nós imeachta a leanas: iarraidh ar urrús chun costais nós imeachta, nó costais nós imeachta agus damáistí a chumhdach, iarraidh ar dhíbhe luath imeachtaí cúirte ***mí-úsáideacha***, iarraidh ar leigheasanna i leith imeachtaí cúirte mí-úsáideacha (bronnadh costas, cúiteamh damáistí agus pionós), nó gach ceann acu an tráth céanna. ***Ba cheart déileáil le himeachtaí cúirte arna dtionscnamh in aghaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha mar gheall ar iad a bheith rannpháirteach sa rannpháirtíocht phoiblí ar bhealach tapa agus éifeachtach, agus imthosca an cháis á gcur san áireamh, agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil agus an ceart chun triail chóir a fháil.*** |

**Leasú 30**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23a) Aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach a choimircíonn nó a chuireann chun cinn cearta daoine atá ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí nó a bhfuil leas acu ar bhealach eile i gcosaint na gníomhaíochta rannpháirtíochta poiblí ar a bhfuil SLAPP dírithe, ba cheart an deis a bheith aige páirt a ghlacadh sna himeachtaí sin nó chun faisnéis a sholáthar, chun tacú leis an gcosantóir nó thar a gceann le formheas an chosantóra. Ba cheart an fhéidearthacht sin maidir le hionadaíocht dhlíthiúil a bheith gan dochar do cheart agus d'inniúlachtaí na gceardchumann agus ionadaithe na n-oibrithe páirt a ghlacadh thar ceann oibrithe nó chun tacú leo in imeachtaí breithiúnacha, i gcomhréir le rialacha eile de chuid an Aontais agus le rialacha náisiúnta eile.*** |

**Leasú 31**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25a) Cuireann imeachtaí i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí na daoine sin atá dírithe ar mhórdhíobháil airgeadais agus shíceolaíoch i mbaol, agus iad ag tabhairt aghaidh orthu ag an am céanna leis an ngá atá ann fíricí gur deacair iad a chruthú go minic a shuí amhail cineál mí-úsáideach imeachtaí cúirte ina bhfuil cás dlí. I gcásanna den sórt sin, ba cheart an ceart a bheith ag na cosantóirí an tacaíocht is gá a fháil chun a gcás a dhéanamh, faoi réir a bhformheasa roimh ré. Áirítear leis sin tacaíocht agus soláthar faisnéise, ach níl sé teoranta don mhéid sin. Ba cheart an ceart a bheith ag an gcosantóir tacaíocht den sórt sin a lorg ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach nó saineolas maidir le cearta daoine atá ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí a choimirciú nó a chur chun cinn. Cuimsítear leis sin i.e. iriseoirí agus acadóirí chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha, comhlachtaí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a gcomhlachtaí, comhlachais ghairmiúla agus ionadaíocha, ceardchumainn agus comhlachtaí comhchoiteanna eile ag gníomhú dóibh chun leas an chosantóra, nó a bhfuil eolas ar leith acu ar an éilitheoir, go háirithe ar a rannpháirtíocht i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí.*** |

**Leasú 32**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Má rinne cosantóir iarratas ar dhíbhe luath, ba cheart gur faoin éilitheoir | (30) Má rinne cosantóir iarratas ar dhíbhe luath, ba cheart gur faoin éilitheoir |

| | |
|---|---|
| sna príomhimeachtaí a bheadh sé a chruthú sa nós imeachta brostaithe nach bhfuil an t-éileamh ***go follasach gan bhunús***. Ní hionann sin agus teorannú ar rochtain ar an gceartas, á chur san áireamh ***go bhfuil*** an dualgas cruthúnais i ndáil leis an éileamh sin sna príomhimeachtaí ***ar an éilitheoir*** agus ***nach*** gá dó ***ach tairseach i bhfad níos ísle a chomhlíonadh, is é sin a thaispeáint*** nach bhfuil an t-éileamh ***go follasach gan bhunús***, chun ***díbhe*** luath a sheachaint. | sna príomhimeachtaí a bheadh sé a chruthú sa nós imeachta brostaithe nach bhfuil an t-éileamh ***mí-úsáideach***. Ní hionann sin agus teorannú ar rochtain ar an gceartas, ***agus é*** á chur san áireamh ***gurb é*** an ***t-éilitheoir a iompraíonn an*** dualgas cruthúnais i ndáil leis an éileamh sin sna príomhimeachtaí agus ***gur*** gá dó ***a shuí*** nach bhfuil an t-éileamh ***mí-úsáideach***, chun ***díbhé*** luath a sheachaint***, chomh maith leis sin, agus díbhe á hiarraidh, ba cheart don chosantóir na gnéithe a thugann le fios gur ann do mhí-úsáid a sholáthar don chúirt***. |

**Leasú 33**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30a) Ní sárú míchuí ar an gceart rochtana ar an gceartas é éilimh atá gan bhunús go hiomlán nó go páirteach a dhíbhe go luath. Faoin Treoir seo, ba cheart do na Ballstáit a mbinsí agus a gcúirteanna a chumhachtú go mbeadh an deis acu cinntí luatha a ghlacadh maidir le díbhe, ach ba cheart don bhreitheamh cinntí den sórt sin a ghlacadh ar bhonn cás ar chás, in éilimh nach aidhm leis an éilitheoir ceart a dhearbhú, a shuíomh nó a fheidhmiú i ndáiríre. Thairis sin, ba cheart go mbeadh éilitheoirí i dteideal i gcónaí achomharc a thaisceadh i gcoinne an chinnidh luaith maidir le díbhe.*** |

**Leasú 34**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 34 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34a) Tá feidhm ag forálacha agus coimircí na Treorach sin, i gcomhréir le léirmhíniú Chúirt Bhreithiúnais an*** |

***Aontais Eorpaigh ar an bprionsabal 'tempus regit actum'[1a] maidir le gach imeacht cúirte atá ar feitheamh i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí ar dháta theacht i bhfeidhm an dlí náisiúnta lena gcuirtear an Treoir chun feidhme agus ina dhiaidh sin.***

***---------------------***

***[1a] Cás Uimh. C-610/10, An Coimisiún Eorpach v Ríocht na Spáinne***

**Leasú 35**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 35 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35a) Ba cheart an Treoir sin a bheith gan dochar do chearta ionadaíochta agus idirghabhála atá ann cheana mar a ráthaítear le dlí eile de chuid an Aontais nó le dlí náisiúnta eile.*** |

**Leasú 36**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Tá an Treoir seo comhlántach i leith an mholta ón gCoimisiún maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ó imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ('Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí'). Is do Bhallstáit é an moladh seo agus soláthraítear leis sraith chuimsitheach de bhearta lena n-áirítear oiliúint, ardú feasachta, tacaíocht dóibh siúd a ndírítear imeachtaí cúirte mí-úsáideacha agus bailiú sonraí orthu, tuairisciú agus faireachán ar imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí. | (36) Tá an Treoir seo comhlántach i leith an mholta ón gCoimisiún maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ó imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ('Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí'). Is do Bhallstáit é an moladh seo agus soláthraítear leis sraith chuimsitheach de bhearta lena n-áirítear oiliúint, ardú feasachta, tacaíocht dóibh siúd a ndírítear imeachtaí cúirte mí-úsáideacha agus bailiú sonraí orthu, tuairisciú agus faireachán ar imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí. ***Agus an Treoir seo á trasuí, ba*** |

***cheart do na Ballstáit cur chun feidhme an mholta ón gCoimisiún a áirithiú freisin. I ndáil leis sin, ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar chur chun feidhme na moltaí maidir le, go háirithe, coimircí atá comhchosúil leis na coimircí dá bhforáiltear sa Treoir reatha do chásanna intíre nach gcumhdaítear le raon feidhme na Treorach seo, a chuimsiú, agus cúnamh dlí a sholáthar do chosantóirí ar bhealach inacmhainne agus ina mbeidh rochtain éasca air, agus a áirithiú go ndéanfar forálacha spriocdhírithe a chuimsiú ina ndlíthe náisiúnta trasuímh chuige sin.***

**Leasú 37**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 36 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(36a) Leis an Treoir seo, soláthraítear tacaíocht agus bearta coisctheacha, lena n-áirítear bunú cistí náisiúnta ag na Ballstáit, arna n-oibriú ag comhlacht neamhspleách, amhail eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus le tacaíocht ón gCoimisiún, sásraí tacaíochta neamhairgeadais amhail cúnamh dlíthiúil agus tacaíocht shíceolaíoch a sholáthar, chomh maith le hoiliúint, múscailt feasachta agus bearta bailithe sonraí. Féachann sé freisin lena áirithiú go mbaileofar sonraí trí chritéir chomhchoiteanna a bhunú ar leibhéal an Aontais. Ba cheart pointí fócasacha náisiúnta, arna gcomhordú ag an gCoimisiún agus arna n-oibriú ag eagraíochtaí neamhspleácha na sochaí sibhialta a bhainistíonn cistiú ón Aontas, a bhunú chun faisnéis a bhailiú agus a chomhroinnt maidir leis na heagraíochtaí uile a sholáthraíonn treoir agus tacaíocht dóibh siúd a ndírítear imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí orthu. D'fhéadfaí a áireamh ar na heagraíochtaí sin comhlachais de*** |

| | |
|---|---|
| | ***ghairmithe dlí, comhairlí meán agus preasa, bratchomhlachais do chosantóirí chearta an duine, comhlachais ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, gnólachtaí dlí a dhéanann siúd a ndírítear imeachtaí cúirte mí-úsáideacha in aghaidh rannpháirtíocht phoiblí orthu a chosaint ar bhonn pro bono, clinicí dlíthiúla ollscoileanna agus eagraíochtaí neamhrialtasacha eile.*** |

**Leasú 38**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 36 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(36b) Níl sé i gceist leis an treoir seo gach SLAPP atá á imscaradh i gcoinne daoine a bhíonn ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí a réiteach. Ba cheart díriú go háirithe amach anseo ar mhí-úsáid chóras an dlí choiriúil agus ar chóras an dlí riaracháin. Go háirithe, bhí baol ar leith ann go mbainfí mí-úsáid as cion an chlúmhillte mar bhonn do SLAPPanna. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit oibriú ar réitigh chun aghaidh a thabhairt ar na contúirtí sin.*** |

**Leasú 39**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 36 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(36c) Le hoiliúint d'iriseoirí, do ghairmithe meán eile agus do chosantóirí chearta an duine, ba cheart a gcumas a neartú déileáil le himeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí. Ba cheart go ndíreofaí leis ar imeachtaí cúirte den sórt sin a aithint, ar an mbealach ina ndéileálfaí leis sa chás go ndíreodh na himeachtaí cúirte sin orthu mar spriocanna, agus na daoine sin*** |

***a chur ar an eolas faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí ionas go mbeidh siad in ann na bearta is gá a dhéanamh chun iad féin a chosaint i gcoinne imeachtaí den sórt sin. Ba cheart oiliúint a chur ar fáil do ghairmithe dlí freisin chun feasacht ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha a mhéadú agus le bheith in ann iad a bhrath ag céim an-luath.***

**Leasú 40**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 36 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(36d) Ba cheart do na Ballstáit cistí náisiúnta tiomnaithe a bhunú, arna n-oibriú ag comhlacht neamhspleách, amhail eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus le tacaíocht ón gCoimisiún, chun tacú le híospartaigh imeachtaí cúirte mí-úsáideacha agus chun iad a chúiteamh. Ba cheart na cistí náisiúnta a chistiú go páirteach trí phionóis. Ba cheart acmhainní a chuirtear ar fáil trí na cistí náisiúnta a dháileadh freisin ar eagraíochtaí a thugann treoir agus tacaíocht do spriocanna SLAPPanna chun a áirithiú go gcuirfear acmhainní leordhóthanacha ar fáil d'eagraíochtaí den sórt sin chun a gcúraimí a dhéanamh go leormhaith.*** |

**Leasú 41**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 36 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(36e) Tá bailiú sonraí ríthábhachtach chun cásanna d'imeachtaí cúirte mí-úsáideacha a dhoiciméadú agus chun réitigh a chur ar fáil chun iad a chosc. Leis an Treoir seo, ba cheart critéir chomhchoiteanna a bhunú chun na*** |

***nósanna imeachta maidir le bailiú sonraí sna Ballstáit a chaighdeánú agus chun a áirithiú go mbaileofar sonraí inchomparáide. Ba cheart an méid seo a leanas a bheith san áireamh sna sonraí sin:***

***(i) líon na n-imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí a tionscnaíodh sa bhliain ábhartha;***

***(ii) líon na n-imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí a díbheadh go luath agus iad ag brath ar éilimh atá gan bhunús go hiomlán nó go páirteach sa bhliain ábhartha, ó 2022 ar aghaidh, a díbheadh ar bhonn tuillteanas agus ar chúiseanna nós imeachta araon;***

***(iii) líon na n-imeachtaí cúirte, aicmithe de réir an chineáil cosantóra (e.g. iriseoir, cosantóir chearta an duine, eagraíocht phreasa);***

***(iv) líon na n-imeachtaí cúirte, arna n-aicmiú de réir an chineáil éilitheora (e.g. polaiteoir, duine príobháideach, cuideachta, más eintiteas eachtrach é an t-éilitheoir);***

***(v) figiúirí faoi ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí ar seoladh imeachtaí cúirte ina leith;***

***(vi) figiúirí maidir le méid measta na ndamáistí tosaigh a d'iarr na héilitheoirí;***

***(vii) tuairisc ar na bunúis dlí éagsúla atá in úsáid ag éilitheoirí agus ar fhigiúirí gaolmhara;***

***(viii) figiúirí maidir le fad na n-imeachtaí, lena n-áirítear gach cás;***

***(ix) figiúirí maidir le gnéithe trasteorann;***

***(x) de réir mar atá ar fáil, sonraí eile lena n-áirítear costais bhreithiúnacha na n-imeachtaí agus, de réir mar is ábhartha agus is iomchuí, figiúirí ábhartha maidir le cúlraí stairiúla cásanna;***

***(xi) an cineál éilimh a eisítear ar bhonn na Treorach seo agus an Mholta a ghabhann léi.***

**Leasú 42**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1– mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Foráiltear*** leis an Treoir seo coimircí ***in aghaidh*** imeachtaí cúirte mí-úsáideacha ***gan bhunús i ndáil le hábhair*** shibhialta ***ag*** a bhfuil impleachtaí trasteorann ***arna dtabhairt*** in aghaidh daoine nádúrtha ***agus daoine*** dlítheanacha, iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine ***go háirithe***, mar gheall ar ***an rannpháirteach atá acu*** i rannpháirtíocht phoiblí. | Leis an Treoir seo***, soláthraítear*** coimircí ***nós imeachta agus dlíthiúla i gcoinne*** imeachtaí cúirte mí-úsáideacha***, nó bagairtí caingean dlí a thionscnamh, in ábhair*** shibhialta a bhfuil impleachtaí trasteorann ***acu a thugtar go díreach nó go hindíreach*** in aghaidh daoine nádúrtha ***nó*** dlítheanacha, ***amhail*** iriseoirí***, eagraíochtaí meán*** agus cosantóirí ***ceart, go háirithe, cosantóirí*** chearta an duine, ***cosantóirí chearta an chomhshaoil, cosantóirí chearta na mban agus cosantóirí chearta LADTIA+, chomh maith le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí neamhrialtais, gníomhaithe, ceardchumainn, ealaíontóirí, taighdeoirí, acadóirí, blagálaithe, sceithirí nó freasúra polaitiúil,*** mar gheall ar ***a rannpháirtíocht*** i rannpháirtíocht phoiblí***, lena n-áirítear ar líne***. |

**Leasú 43**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) Leagtar síos leis an Treoir seo íoschaighdeáin cosanta do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a ghlacann páirt i rannpháirtíocht phoiblí i réimse na n-imeachtaí cúirte sibhialta. Ní bheidh cur chun feidhme na Treorach seo in imthosca ar bith ina fhoras chun laghdú a dhéanamh ar leibhéal na gcoimircí a thugann na Ballstáit cheana féin sna*** |

| | |
|---|---|
| | ***hábhair a chumhdaítear faoin Treoir seo.*** |

**Leasú 44**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ciallaíonn 'rannpháirtíocht phoiblí' aon ráiteas nó ***aon ghníomhaíocht de*** chuid duine nádúrtha nó duine dlítheanach arna léiriú nó arna dhéanamh i bhfeidhmiú an ***chirt*** chun ***saoirse*** tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil maidir le hábhar leasa phoiblí, agus ***gníomhaíocht ullmhúcháin, tacaíochta nó cúnta atá nasctha go díreach leis sin***. Áirítear leis sin gearáin, achainíocha, éilimh riaracháin nó bhreithiúnacha agus rannpháirtíocht in éisteachtaí poiblí; | 1. ciallaíonn 'rannpháirtíocht phoiblí' aon ráiteas nó ***gníomhaíochtde*** chuid duine nádúrtha nó duine dlítheanach arna léiriú nó arna dhéanamh i bhfeidhmiú ***cearta agus saoirsí bunúsacha amhail*** an ***tsaoirse*** chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil maidir le hábhar leasa phoiblí, ***saoirse comhlachais*** agus ***comhthionóil, saoirse an phreasa, saoirse acadúil agus ealaíne, saoirse eolaíochta agus cultúir, an ceart chun cómhargála agus chun gníomhaíochta, an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil nó an ceart chun dea-riaracháin***. Áirítear leis sin ***aon ghníomhaíocht, gan beann ar chineál, meán nó formáid, a fhónann do ghrinnscrúdú poiblí, nochtadh, scaipeadh nó cur chun cinn faisnéise don phobal amhail*** gearáin, achainíocha, éilimh riaracháin nó bhreithiúnacha agus rannpháirtíocht in éisteachtaí poiblí***, chomh maith le haon chineál cruthaithe, taispeántais, fógraíochta nó cur chun cinn eile cumarsáide, foilseachán nó oibreacha iriseoireachta, polaitíochta, eolaíochta, acadúla, ealaíne, tráchtaireachta nó aoracha. Áireofar leis sin freisin aon ghníomhaíochtaí tacaíochta nó ullmhúcháin dá gcuid, go háirithe obair eagraíochtaí meán, amhail tacaíocht a bheith á tabhairt ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha, ar bhonn gairmiúil nó ar bhonn pearsanta, do dhuine eile chun críocha atá nasctha go díreach le rannpháirtíocht phoiblí maidir le hábhar leasa phoiblí***; |

**Leasú 45**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***an tsláinte*** phoiblí, ***an tsábháilteacht***, an comhshaol, an aeráid nó ***tairbhiú de na*** cearta bunúsacha; | (a) ***sláinte*** phoiblí, ***sábháilteacht***, ***saoirse agus iolrachas na meán,*** an comhshaol, an aeráid nó cearta bunúsacha ***agus cearta an duine a bheith á dteachtadh, lena n-áirítear cearta saothair, neamh-idirdhealú, comhionannas inscne agus foréigean inscnebhunaithe***; |

**Leasú 46**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ábhair atá ***faoi réir breithniú nó athbhreithniú poiblí*** ag comhlacht reachtach, ***feidhmeach*** nó breithiúnach, nó aon ***imeacht oifigiúil poiblí*** eile; | (c) ábhair atá ***á mbreithniú*** ag ***an bpobal nó atá á mbreithniú ag*** comhlacht reachtach, ***feidhmiúcháin*** nó breithiúnach, nó aon ***imeachtaí oifigiúla*** eile ***chomh maith le gníomhaíochtaí nó neamhghníomh ag údaráis phoiblí***; |

**Leasú 47**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) líomhaintí maidir le héilliú, calaois nó coireacht; | (d) líomhaintí maidir le héilliú, calaois***, claonchasadh, sciúradh airgid, sracadh, comhéigean, gnéaschiapadh agus foréigean inscnebhunaithe,*** nó ***cineálacha eile imeaglaithe, nó aon chion coiriúil nó riaracháin eile lena n-áirítear*** coireacht ***chomhshaoil***; |

**Leasú 48**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) gníomhaíochtaí ***chun bréagaisnéis*** a chomhrac; | (e) gníomhaíochtaí ***arb é is aidhm dóibh na luachanna*** a ***chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, an prionsabal nach gcuirfí isteach ar phróisis dhaonlathacha a chosaint, agus rochtain phoiblí ar fhaisnéis a sholáthar nó a éascú d'fhonn an bhréagaisnéis a*** chomhrac; |

**Leasú 49**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) gníomhaíochtaí acadúla, eolaíochta agus taighde;*** |

**Leasú 50**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eb) gníomhaíochtaí ealaíne;*** |

**Leasú 51**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ciallaíonn 'imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí' imeachtaí cúirte ***a thugtar*** i ndáil le rannpháirtíocht phoiblí atá ***go hiomlán nó go páirteach gan bhunús agus a bhfuil sé de phríomhchuspóir acu an*** rannpháirtíocht phoiblí a chosc ***nó*** a shrianadh nó ***pionós a ghearradh ina leith***. D'fhéadfaí cuspóir den sórt sin a bhrath leis na nithe a leanas: | 3. Ciallaíonn 'imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí' imeachtaí cúirte ***arna dtionscnamh*** i ndáil le rannpháirtíocht phoiblí ***a bhaineann úsáid as an bpróiseas breithiúnach chun críocha seachas ceart a dhearbhú, a shuíomh nó a fheidhmiú i ndáiríre agus arb é an príomhchuspóir*** atá ***leo*** rannpháirtíocht phoiblí a chosc**,** a shrianadh nó ***a phionósú***. D'fhéadfaí cuspóir den sórt sin a bhrath leis na nithe a |

| | |
|---|---|
| | leanas: |

**Leasú 52**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe -a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(- a) a mhéid atá an t-éileamh go follasach gan bhunús;*** |

**Leasú 53**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) imeachtaí iomadúla a bheith ann arna dtionscnamh ag an éilitheoir nó ag páirtithe a bhaineann leis i ndáil le hábhair chomhchosúla;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 54**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) úsáid a bhaint as teaictící dlíthíochta a chuireann costais míréasúnacha ar an gcosantóir, lena n-áirítear maidir le dlínse a roghnú, nó úsáid a bhaint as teaictící moilleadóireachta;*** |

**Leasú 55**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) an cheannasacht a shaothrú ó thaobh na cumhachta eacnamaíche, acmhainní dlíthiúla nó tionchair*** |

***pholaitiúil nó shóisialta chun rannpháirtíocht phoiblí an chosantóra a shrianadh, rud a fhágann éagothroime cumhachta idir an dá pháirtí;***

**Leasú 56**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe c c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cc) imeachtaí iomadúla atá ar bun faoi láthair nó imeachtaí roimhe seo a bheith ann arna dtionscnamh ag an éilitheoir nó ag páirtithe a bhaineann leis i ndáil le hábhair rannpháirtíochta poiblí;*** |

**Leasú 57**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe c d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cd) go ndearnadh éileamh comhchosúil a dhíbhe go luath roimhe sin mar mhí-úsáideach.*** |

**Leasú 58**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) díbhe luath imeachtaí cúirte atá ***go follasach gan bhunús*** i gcomhréir le Caibidil III; | (b) díbhe luath imeachtaí cúirte atá ***mí-úsáideach*** i gcomhréir le Caibidil III; |

**Leasú 59**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Féadfaidh*** Ballstáit ***foráil a*** | 3. ***Forálfaidh*** Ballstáit go bhféadann |

***dhéanamh*** go bhféadann an chúirt nó an binse a dtugtar an t-ábhar os a comhair nó os a chomhair na bearta ar choimircí nós imeachta i gcomhréir le Caibidlí III ***agus IV*** a dhéanamh ex officio.

an chúirt nó an binse a dtugtar an t-ábhar os a comhair nó os a chomhair na bearta ar choimircí nós imeachta i gcomhréir le Caibidlí III ***agus IV*** a dhéanamh ex officio. ***Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an chúirt nó an binse ar tugadh an t-ábhar os a comhair nó os a chomhair bearta faoi Airteagal 8, Airteagal 14 agus Airteagal 15 ex officio.***

**Leasú 60**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéileálfar le himeachtaí cúirte a thionscnaítear in aghaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha mar gheall ar a rannpháirtíocht phoiblí ar bhealach tapa agus éifeachtach, agus imthosca an cháis, an ceart chun leigheas éifeachtach agus an ceart chun triail chóir a fháil á gcur san áireamh.*** |

**Leasú 61**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Idirghabháil tríú páirtí | Idirghabháil tríú páirtí ***mar thaca leis an gcosantóir*** |

**Leasú 62**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfaidh cúirt nó binse a dtugtar ***an t-ábhar*** os a comhair nó os a chomhair ***maidir le himeachtaí cúirte*** i | Déanfaidh ***na*** Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfaidh cúirt nó binse a dtugtar ***imeachtaí cúirte*** os a comhair nó os a chomhair i gcoinne rannpháirtíocht |

gcoinne rannpháirtíocht phoiblí glacadh leis go bhféadfaidh eagraíochtaí neamhrialtasacha a ***chosnaíonn cearta daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí nó a chuireann chun cinn iad rannpháirt a*** ghlacadh sna himeachtaí sin, chun tacú leis an gcosantóir nó ***chun faisnéis a sholáthar***.

phoiblí glacadh leis go bhféadfaidh ***Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha,*** eagraíochtaí ***idirnáisiúnta agus a gcomhlachtaí, amhail Comhairle na hEorpa, eagraíochtaí*** neamhrialtasacha ***nó comhlachtaí comhchoiteanna, amhail ceardchumainn nó eagraíochtaí gairmiúla, páirt*** a ghlacadh sna himeachtaí sin ***nó faisnéis a sholáthar iontu***, chun tacú leis an gcosantóir nó ***thar a gceann le formheas an chosantóra***.

**Leasú 63**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 7a*** |
| | ***Ionadaíocht tríú páirtí*** |
| | ***Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé de cheart ag an gcosantóir, faoi réir a iarrata nó a hiarrata, comhlacht, eagraíocht nó comhlachas a bheith ag gníomhú thar a cheann nó thar a ceann in aon imeachtaí a chumhdaítear faoin Treoir seo.*** |

**Leasú 64**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Caibidil III – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Díbhe luath*** imeachtaí cúirte ***atá go follasach gan bhunús*** | Imeachtaí cúirte ***mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí a dhíbhe go luath*** |

**Leasú 65**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Cumhachtóidh*** Ballstáit ***cúirteanna*** agus ***binsí*** cinneadh luath a ***ghalach chun*** imeachtaí cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí a dhíbhe, ***ina n-iomláine*** nó go páirteach***, mar imeachtaí gan bhunús***. | 1. ***Tabharfaidh na*** Ballstáit ***de chumhacht do chúirteanna*** agus ***do bhinsí*** cinneadh luath a ***ghlacadh*** imeachtaí cúirte ***mí-úsáideacha*** i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí ***mar*** a ***shainmhínítear in Airteagal 3(3) a*** dhíbhe, ***go hiomlán*** nó go páirteach. |

**Leasú 66**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh Ballstáit teorainneacha ama a ***shuí le haghaidh fheidhmiú*** an chirt chun iarratas ar dhíbhe ***luath*** a chomhdú. ***Beidh na teorainneacha ama comhréireach agus ní fhágfaidh siad go bhfuil feidhmiú den sórt sin dodhéanta nó ródheacair.*** | 2. Féadfaidh ***an cosantóir iarratas ar dhíbhe a dhéanamh ag céim ar bith de na himeachtaí; i gcás ina ndéantar foráil i gcórais náisiúnta dlí nós imeachta sibhialta maidir le céim inghlacthachta ar leithligh, féadfaidh na*** Ballstáit teorainneacha ama a ***bhunú maidir le feidhmiú*** an chirt chun iarratas ar dhíbhe a chomhdú ***ag an gcéim sin de na himeachtaí***. |

**Leasú 67**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh Ballstáit i gcás ina ndearna cosantóir iarratas ar dhíbhe luath, ***is*** faoin éilitheoir a bheidh sé a chruthú nach bhfuil an t-éileamh ***go follasach gan bhunús.*** | Áiritheoidh ***na*** Ballstáit***,*** i gcás ina ndearna cosantóir iarratas ar dhíbhe luath, ***gur*** faoin éilitheoir a bheidh sé a chruthú nach bhfuil an t-éileamh ***mí-úsáideach, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(3);*** |

**Leasú 68**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Caibidil V a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Caibidil Va*** |
| | ***BEARTA TACAÍOCHTA*** |
| | ***Airteagal 18a*** |
| | ***Ciste náisiúnta*** |
| | ***1. Bunóidh na Ballstáit, le tacaíocht ón gCoimisiún, ciste náisiúnta arna oibriú ag comhlacht neamhspleách chun cúiteamh a fháil d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach a ndearnadh díobháil dó mar thoradh ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí nach gcumhdaítear le scéimeanna náisiúnta atá ann cheana maidir le cúiteamh d'íospartaigh agus chun tacú le heagraíochtaí a chuireann treoir agus tacaíocht ar fáil dóibh siúd a ndírítear imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí orthu.*** |
| | ***2. Déanfar cistí náisiúnta a chistiú go páirteach trí na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 16 den Treoir seo. Cinnfidh na Ballstáit méid na bpionós a bheidh le leithdháileadh ar na cistí náisiúnta.*** |
| | *Airteagal 18b* |
| | ***Sásraí tacaíochta neamhairgeadais*** |
| | ***1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear sásraí tacaíochta neamhairgeadais ar fáil do dhaoine atá i mbun rannpháirtíocht phoiblí. Áireofar ar na bearta sin cúnamh dlíthiúil agus tacaíocht shíceolaíoch a sholáthar, chomh maith le faisnéis maidir leis na heagraíochtaí a chuireann treoir agus tacaíocht ar fáil dóibh siúd a ndírítear imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí orthu. Beidh an tacaíocht agus an cúnamh inrochtana agus saor in aisce.*** |
| | ***2. Bunóidh na Ballstáit pointe fócasach náisiúnta, arna oibriú ag eagraíochtaí neamhspleácha na sochaí sibhialta, lena mbaileofar agus lena*** |

***gcomhroinnfear faisnéis maidir le gach eagraíocht a thugann treoir agus tacaíocht dóibh siúd a ndírítear imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí orthu.***

***3. Ba cheart do na Ballstáit malartú faisnéise agus dea-chleachtas a éascú idir eagraíochtaí a thugann treoir agus tacaíocht dóibh siúd a ndírítear imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí orthu.***

**Leasú 69**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Caibidil V b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Caibidil Vb*** |
| | ***BEARTA COISCTHEACHA*** |
| | ***Airteagal 18c*** |
| | ***Oiliúint*** |
| | ***1. Agus urraim chuí á tabhairt do neamhspleáchas breithiúnach, do neamhspleáchas ghairm an dlí agus do dhifríochtaí in eagrú na mbreithiúna ar fud an Aontais, tacóidh na Ballstáit le deiseanna oiliúna do ghairmithe dlí amhail an bhreithiúnacht agus an fhoireann bhreithiúnach ar gach leibhéal cúirte, dlíodóirí cáilithe mar aon le spriocanna féideartha imeachtaí cúirte den sórt sin chun feasacht a mhéadú ar chásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí, na coimircí nós imeachta ina gcoinne dá bhforáiltear sa Treoir seo, agus feasacht ar riachtanais daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí.*** |
| | ***2. Áiritheoidh na Ballstáit go leathnófar deiseanna oiliúna chuig daoine aonair agus chuig eagraíochtaí atá ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí chun eolas sonrach a thabhairt dóibh d'fhonn imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i*** |

***gcoinne rannpháirtíocht phoiblí a aithint agus freagairt dá réir sin dóibh. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí go háirithe sa dlí agus sa churaclam iriseoireachta.***

***3. Gheobhaidh na Ballstáit tacaíocht ón gCoimisiún chun oiliúint agus malartú cleachtas a éascú chun a áirithiú, a mhéid is féidir, cuspóirí comhchoiteanna agus modheolaíocht chomhchoiteann ar leibhéal an Aontais. I ndáil leis an méid sin, ba cheart dóibh rannpháirtíocht cleachtóirí dlí agus a gcomhlachas gairmiúil a áirithiú.***

***Airteagal 18d***

***Múscailt feasachta***

***1. Déanfaidh na Ballstáit gníomhaíocht iomchuí, amhail feachtais faisnéise agus ardaithe feasachta lena ndíreofar ar na geallsealbhóirí ábhartha uile ón earnáil phoiblí agus phríobháideach agus cláir thaighde agus oideachais araon, chun eolas a chothú faoi chásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí agus na coimircí nós imeachta a leagtar amach sa Treoir seo, chun feasacht phoiblí a ardú agus chun riosca nó bagairt na gcásanna dlí sin a laghdú go mór. I gcás inarb iomchuí, oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha uile.***

***2. Soláthróidh na Ballstáit tacaíocht agus faisnéis maidir le gníomhaíochtaí múscailte feasachta maidir le struchtúir tacaíochta atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear tagairt do phointí fócasacha náisiúnta a bhailíonn agus a chomhroinneann faisnéis maidir leis na hacmhainní atá ar fáil, lena n-áirítear maidir le cúnamh dlíthiúil agus na bealaí dlíthiúla cosanta atá ar fáil.***

***Airteagal 18e***

***Bailiú sonraí***

| | |
|---|---|
| | ***1. Ba cheart do na Ballstáit, agus a socruithe institiúideacha maidir le staitisticí breithiúnacha á gcur san áireamh, a chur de chúram ar údarás amháin nó níos mó a bheith freagrach, agus lánurraim á tabhairt do cheanglais cosanta sonraí, sonraí ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha in aghaidh rannpháirtíocht phoiblí a thionscnaítear ina ndlínse a bhailiú agus a chomhiomlánú.*** |
| | ***2. Chun críche mhír 1 den Airteagal seo, bunóidh na Ballstáit clár cinntí cúirte maidir le hábhair a rialaítear leis an Treoir seo agus leis an Moladh a ghabhann léi. Cuirfear clár den sórt sin ar fáil don phobal saor in aisce ag a phointe úsáide, agus comhlíonfaidh sé rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta maidir le cosaint sonraí pearsanta.*** |

**Leasú 70**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 19a*** |
| | ***Cur i bhfeidhm in am*** |
| | ***Beidh feidhm ag forálacha na Treorach sin maidir le gach imeacht cúirte mí-úsáideach i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(3), arna dtionscnamh nó arna leanúint tráth theacht i bhfeidhm an dlí náisiúnta lena gcuirtear an Treoir sin chun feidhme agus ina dhiaidh sin.*** |

**Leasú 71**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Treorach ***seo*** faoi ***[5 bliana*** ón dáta trasuite]. Ar bhonn na faisnéise arna soláthar, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm na Treorach ***seo*** faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, faoi ***[6*** bliana ón dáta trasuite] ar a dhéanaí. Soláthróidh an tuarascáil seo measúnú ar éabhlóid imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí agus tionchar na Treorach seo sna Ballstáit. Más gá, beidh tograí le haghaidh leasú na Treorach seo ag gabháil leis an tuarascáil. | Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Treorach ***sin*** faoi ***[3 bliana*** ón dáta trasuite] ***agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin***. Ar bhonn na faisnéise arna soláthar, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ***bhliantúil*** ar chur i bhfeidhm na Treorach ***sin*** faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, faoi ***[4*** bliana ón dáta trasuite] ar a dhéanaí. Soláthróidh an tuarascáil seo measúnú ar éabhlóid imeachtaí cúirte mí-úsáideacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí agus tionchar na Treorach seo sna Ballstáit. Más gá, beidh tograí le haghaidh leasú na Treorach seo ag gabháil leis an tuarascáil. ***Cuirfear na tuarascálacha sin ar fáil go poiblí.*** |

**Leasú 72**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 20 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh an Coimisiún, bunaithe ar chur i bhfeidhm na Treorach seo maidir le SLAPPanna in éilimh shibhialta arna dtionscnamh in imeachtaí coiriúla agus bunaithe ar fhaisnéis eile atá ar fáil, measúnú an bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta in aghaidh SLAPPanna in imeachtaí coiriúla.*** |

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ('Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí') |
| **Tagairtí** | COM(2022)0177 – C9-0161/2022 – 2022/0117(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | JURI<br>5.5.2022 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE<br>5.5.2022 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 15.12.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Ramona Strugariu<br>12.1.2023 |
| **An rapóirtéir don tuairim a bhí ann roimhe seo** | Anna Júlia Donáth |
| **Pléite sa choiste** | 22.3.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 23.5.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 51<br>–: 5<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Malin Björk, Vasile Blaga, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Annika Bruna, Damien Carême, Clare Daly, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Laura Ferrara, Nicolaus Fest, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Nuno Melo, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Emil Radev, Paulo Rangel, Diana Riba i Giner, Isabel Santos, Birgit Sippel, Sara Skyttedal, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Tomas Tobé, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Elena Yoncheva |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Susanna Ceccardi, Gwendoline Delbos-Corfield, Loucas Fourlas, José Gusmão, Alessandra Mussolini, Matjaž Nemec, Carina Ohlsson, Thijs Reuten, Paul Tang, Róża Thun und Hohenstein, Loránt Vincze, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marie Dauchy, Vlad Gheorghe |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 51 | + |
|---|---|
| NI | Laura Ferrara |
| PPE | Magdalena Adamowicz, Vasile Blaga, Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, Loucas Fourlas, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Nuno Melo, Alessandra Mussolini, Emil Radev, Paulo Rangel, Sara Skyttedal, Tomas Tobé, Loránt Vincze, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Vlad Gheorghe, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Maite Pagazaurtundúa, Ramona Strugariu, Róża Thun und Hohenstein |
| S&D | Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Sylvie Guillaume, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Matjaž Nemec, Carina Ohlsson, Thijs Reuten, Isabel Santos, Birgit Sippel, Paul Tang, Elena Yoncheva |
| The Left | Malin Björk, Clare Daly, José Gusmão |
| Verts/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Damien Carême, Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Diana Riba i Giner, Tineke Strik |

| 5 | - |
|---|---|
| ECR | Patryk Jaki, Vincenzo Sofo |
| ID | Susanna Ceccardi, Nicolaus Fest |
| NI | Milan Uhrík |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ECR | Assita Kanko |
| ID | Annika Bruna, Marie Dauchy, Tom Vandendriessche |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh